An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Cuntais an

Chiste Árachais Shóisialaigh

1 Eanair 2007

31 Nollaig 2007

mar aon le

Tuarascáil an

Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

ar sin
Mar atá curtha faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas de bhun Ailt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú, 2005

Department of Social and Family Affairs
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
www.welfare.ie
(Prn.A9/0056)

Ciste Árachais Shóisialaigh

2007

ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA & TEAGHLAIGH

DÚN DEALGAN

Ar fáil le híoslódáil saor in aisce, go díreach ó

shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh

www.dsfa.ie/EN/Policy/CorporatePublications/Finance/Pages/FinancialPublicationsIndex.aspx

(Prn. A9/0056)

CISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH

RÁITIS AIRGEADAIS

2007

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	3
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	4
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	5
Clár Comhardaithe	6
Cuntas Infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh	7
Nótaí leis na Cuntais (1 - 4)	8
Nótaí leis na Cuntais (5 - 7)	9
Nótaí leis na Cuntais (8 - 9)	10
Nótaí leis na Cuntais (10 - 12)	11
Nótaí leis na Cuntais (13 - 16)	12
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	13

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as córas de Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht chun a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais. Tá an fhreagracht seo á cleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí bainteacha coiscthe nó go mbeidís braite i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais de rialú inmheánach airgeadais agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht de rialú airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach, mar seo a leanas:

Timpeallacht de Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

* tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta, le cuntasacht chomhfhreagrach san áireamh
* tá socruithe tuairiscithe tar éis a bheith bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais tar éis a bheith ceaptha
* tá nósanna imeachta foirmiúla tar éis a bheith bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaithe iomchuí a chinntiú
* tá coiste iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le cur i bhfeidhm mo fhreagrachtaí le haghaidh an chórais de rialú inmheánach airgeadais.

Rialú Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

* go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil, a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
* go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise
* go bhfeidhmíonn córas do bhainistiú priacail laistigh den Roinn
* go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
* go bhfuil treoirlínte rialaithe iomchuí ann d'infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistiú tionscadal.

Iniúchóireacht Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn in éineacht le pearsanra atá oilte go hiomchuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá formheasta agam. Bíonn a cuid oibre coinnithe ar an eolas trí anailísiú ar na priacail airgeadais a mbíonn an Roinn nochta dóibh agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá formheasta agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sí mar aidhm leis na pleananna seo an rialú ríthábhachtach a chlúdach ar bhunús rollach, le linn tréimhse réasúnta. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí á hathbhreithniú go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar athleanúint ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Bhí an Ciste Árachais Shóisialaigh bunaithe leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 1952 (mar a bhí leasaithe).

Tá rátaí na sochar árachais shóisialaigh, teidlíochtaí íocaíochtaí iomarcaíochta agus sochair díobhálacha ceirde bunaithe trí reachtaíocht.

Tá na cuntais tar éis a bheith ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

2. Polasaí Maoinithe

Díorthaíonn ioncam an Chiste go príomha ó na ranníocaíochtaí d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a bhíonn bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe.

Feidhmíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh faoi théarmaí an Achta (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Faoi Alt 9 den Acht seo, cuimsíonn an Ciste cuntas reatha agus cuntas infheistíochta. Íoctar na méideanna atá iníoctha as an gCiste, as an gcuntas reatha. Aistrítear airgead nach bhfuil gá leis chun caiteachas reatha an Chiste a chomhlíonadh, aistrítear go dtí an cuntas infheistíochta é. Comhlíontar aon easnamh ar an gcuntas reatha maidir le dliteanais, ón gcuntas infheistíochta ar an gcéad dul síos, agus ó airgead a chuireann An tOireachtas ar fáil ina dhiaidh

3. Fáltais a Aithint

Is ionann figiúirí na bhfáltas ranníocaíochta agus tobhaigh a tuairiscíodh agus an méid ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim le linn na bliana. Cuirtear fáltais eile san áireamh ar bhonn fáltais airgid thirim.

4. Íocaíochtaí a Aithint

Aithnítear íocaíochtaí ar bhonn:

- seiceanna agus pá-orduithe a bhíonn eisithe i rith bliana,
- pá-orduithe sainithe don duine, dréachtaí poist agus dearbháin a dhéantar airgead díobh ag Oifigí an Phoist, agus
- airgead eisithe trí aistriú leictreonach airgid.

5. Áitribh agus Dímheas

Bíonn áitribh á dtaispeáint ag costas stairiúil. Ní dhearnadh foráil ar bith le haghaidh dímheasa.

6. Infheistíochtaí

Bainistíonn an tAire Airgeadais Cuntas Infheistíochta an Chiste. Tá torthaí na gníomhaíochta infheistíochta á dtaispeáint sa Chuntas Infheistíochta.

CUNTAS FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

	Nótaí		**2007**		2006
		€000	€000	€000	€000
Fáltais					
Ranníocaíochtaí ÁSPC					
Árachas Sóisialach	1	7,722,010		6,921,222	
Ranníocaíocht Sláinte	2	1,107,461		1,021,550	
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna		405,427	9,234,898	366,252	8,309,024
Fáltais ó Infheistíochtaí			112,049		53,084
Fáltais Eile	3		88		105
			9,347,035		8,362,213
Íocaíochtaí					
Árachas Sóisialach					
Pinsean Stáit (Ranníocach)	4	2,754,749		1,580,896	
Pinsean Stáit (Eatramhach)	4	79,070		857,627	
Pinsean (Ranníocach)					
Baintrí/Baintreach Fir		1,204,979		1,094,884	
Sochar Banchéile Thréigthe		100,710		94,621	
Sochar Máithreachais		257,896		180,801	
Sochar Sláinte & Sábháilteachta		503		353	
Sochar Uchtaíoch		1,333		818	
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)		9,560		8,815	
Sochar Breoiteachta		755,077		627,642	
Pinsean Easláine	4	618,133		602,414	
Sochar Cúramóra		26,900		16,688	
Sochair Díobhálacha Ceirde	5	104,349		95,988	
Deontas Méala		16,673		12,686	
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í		3,862		2,942	
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta		544,931		455,073	
Sochar Cóireála	6	91,602		95,020	
Saor-Scéimeanna	7	249,774		206,590	
Iomarcaíocht & Dócmhainneacht	8&9	188,178		170,012	
		7,008,279		6,103,870	
Speansais Riaracháin	10	242,711	7,250,990	221,684	6,325,554
Ranníocaíocht Sláinte			1,113,000		1,021,000
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna			408,000		366,000
			8,771,990		7,712,554
Farasbarr d'Fháltais thar Íocaíochtaí			575,045		649,659
Iarmhéid Dlite ó /(do) chomhlachtaí eile	13		8,112		(802)
Barrachas don bhliain			**583,157**		648,857

Tá Nótaí 1 – 16 mar chuid de na Cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2007

	Nótaí		**2007**		2006
		€000	€000	€000	€000
Sócmhainní Seasta					
Áitribh	14		1,477		1,477
Sócmhainní Airgeadais					
Cuntas Infheistíochta			3,642,195		3,076,529
Sócmhainní Reatha					
Iarmhéideanna na nGníomhairí	15	8,941		-	
Ranníocaíochtaí Infhaighte	16	9,150		10,302	
		18,091		10,302	
Dliteanais Reatha					
Bainc		12,013		14,839	
Iarmhéideanna na nGníomhairí	15	10,922		11,731	
Iarmhéid dlite do Chomhlachtaí eile	13	3,208		11,320	
Ilchreidiúnaithe		3,322		1,277	
		29,465	(11,374)	39,167	(28,865)
Glan-Sócmhainní			**3,632,298**		3,049,141
Léirithe ag					
Cúlchistí ar 1 Eanáir			3,049,141		2,400,284
Barrachas don bhliain			583,157		648,857
Cúlchistí ar 31 Nollaig			**3,632,298**		3,049,141

Tá Nótaí 1 – 16 mar chuid de na Cuntais seo.

CUNTAS INFHEISTÍOCHTA AN CHISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH 2007

	2007	2006
	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	3,076,529	2,387,164
Aistrithe ó na Coimisinéirí Ioncaim	9,218,617	8,273,283
Fáltas ó Infheistíochtaí (féach ar nóta 2)	112,049	53,084
	12,407,195	10,713,531
Bain:-		
Íoctha leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	8,765,000	7,637,000
Táille Iniúchóireachta C&AG	-	2
Iarmhéid ar 31 Nollaig (féach ar nóta 5)	**3,642,195**	3,076,529

David Doyle
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais
20 Deireadh Fómhair 2008

Polasaí Cuntasaíochta

Is cuntas fáltas agus íocaíochtaí é seo agus bíonn infheistíochtaí á lua ag an gcostas dá réir.

NÓTAÍ LEIS AN gCUNTAS

1 Léiríonn an Cuntas na hidirbhearta a bhaineann le hinfheistiú farasbarr airgid an Chiste Árachais Shóisialaigh, rud a bhíonn á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Airgeadais de réir Alt 9 den Acht (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Tá an tAire tar éis an fhreagracht a tharmligean chun Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, maidir le hinfheistiú an airgid atá mar chreidmheas sa Chuntas Infheistíochta, seachas airgead i dtaisce sa Bhanc Ceannais de réir Alt 28 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2000. Chuir an tAire treoirlínte infheistíochta ar fáil, de réir an Ailt seo.

		2007	2006
2	Déantar anailís ar fháltas na n-infheistíochtaí mar seo a leanas:	€000	€000
	Ús (féach ar nóta 3a)	77,655	70,004
	Díbhinní Bannaí	54,846	9,431
	Díbhinní Bannaí a fabhraíodh ar cheannach (féach ar nóta 3b)	(13,938)	(25,900)
	Glan-chaillteanais réadaithe ó dhíolacháin na mbannaí	(6,514)	(451)
	Fáltas Iomlán ó Infheistíocht	**112,049**	53,084

3(a) Is ionann an méid úis atá léirithe agus an fíor-mhéid a fuarthas le linn na bliana.
Níl méid de €53,814,817 a fabhraíodh ag deireadh na bliana, tar éis a bheith curtha sna cuntais i 2007.

3(b) Is ionann Díbhinní Bannaí a fabhraíodh ar cheannach agus íocaíocht a rinneadh ón gCuntas i 2007, de bhreis ar luach caipitil na mbannaí a ceannaíodh, le cúiteamh leis an díoltóir le haghaidh úis a tuilleadh cheana. Ghlac an Ciste leis an méid seo i 2008.

4 ceannaigh agus an luach margaidh ar bhannaí a coinníodh ar 31 Nollaig 2007, fágadh as an gCuntas iad.

5 Is ionann an t-iarmhéid ar 31 Nollaig 2007 agus €454,359,456 i dtaisce sa Bhanc Ceannais agus €3,187,835,965 in infheistíochtaí atá á mbainistiú ar son an Aire ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

1. Ranníocaíochtaí ÁSPC

Déantar ranníocaíochtaí ÁSPC a chionroinnt idir Árachas Sóisialach, an Ranníocaíocht Sláinte agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Ní féidir miondealú cruinn a sholáthar de ranníocaíochtaí ÁSPC, go dtí go mbeidh anailís iomlán déanta ar shonraí na bliana. Ní bheidh na sonraí ar fad a bhaineann le 2007 ar fáil i gcomhair anailíse, go dtí lár 2009.

Tá na ranníocaíochtaí cionroinnte ar bhonn an eolais is déanaí atá ar fáil agus tá siad sealadach.

Tá an miondealú seo a leanas de ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh idir Fhostóirí, Fhostaithe agus Dhaoine Féinfhostaithe, tá sé sealadach chomh maith.

	2007	2006
	€000	€000
Ranníocaíochtaí Fostóirí	5,762,011	5,167,274
Ranníocaíochtaí Fostaithe	1,539,147	1,380,234
Ranníocaíochtaí Daoine Féinfhostaithe	420,852	373,714
	7,722,010	6,921,222

2. Ranníocaíocht Sláinte

Ní chuimsíonn na suimeanna atá léirithe maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte, na suimeanna a bailíodh faoi Cháin Ioncaim Sceideal D (féinfhostaithe), ós rud é go dtugann na Coimisinéirí Ioncaim iad seo go díreach

3. Fáltais Eile

	2007	2006
	€000	€000
Cíos	19	19
Fáltais ón RA maidir le Socrú Cómhalartach	69	86
	88	105

4. An tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006

Déanann Ailt 11 & 12 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006, cur ar fáil d'aistriú uathoibríoch ó Phinsean Easláine nó ó Phinsean Stáit (Eatramhach) go Pinsean Stáit (Ranníocach), nuair a bhaineann an faighteoir 66 bliain d'aois amach. Tá an fhoráil seo i bhfeidhm ó 28 Meán Fómhair 2006. Bhí íocaíochtaí le daoine atá 66 bliain d'aois nó níos sine san áireamh i gcaiteachas ar Phinsin Easláine agus ar Phinsin Stáit (Eatramhach) roimhe seo.

5. Sochair Díobhálacha Ceirde

	2007	2006
	€000	€000
Sochar Díobhála	17,194	16,123
Sochar Míthreorach	79,283	72,526
Sochar Báis	7,574	7,047
Cúram Leighis	298	292
	104,349	95,988

6. Sochar Cóireála

	2007	2006
	€000	€000
Sochar Déadach	64,846	67,845
Sochar Optúil	21,050	22,583
Sochair um Fhearais Leighis & Máinliachta	5,706	4,592
	91,602	95,020

7. Saor-Scéimeanna

	2007	2006
	€000	€000
Liúntas Breosla	55,517	42,895
Liúntas Toitcheo	5,884	6,036
Leictreachas Saor in Aisce	87,912	65,466
Gás Buidéalaithe Saor in Aisce	16	26
Gás Nádúrtha Saor in Aisce	11,499	6,380
Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce	31,458	29,783
Cíos Gutháin Saor in Aisce	57,488	56,004
	249,774	206,590

8. Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí

Bíonn Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí á riaradh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá na figiúirí atá léirithe do na scéimeanna seo, tógtha ó chuntas bliantúil a chuireann Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil.

		2007		2006
	€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí - Iomarcaíochta	183,328		166,483	
- Aisghabháil	(658)	182,670	(434)	166,049
Íocaíochtaí - Dócmhainneachta	5,710		4,280	
- Aisghabháil	(924)	4,786	(554)	3,726
Speansais an Bhinse Achomhairc Fostaíochta	725		237	
Nithe Ilchineálacha	(3)	722	-	237
		188,178		170,012

9. Iomarcaíocht/Dócmhainneacht – Suimeanna In-aisghafa ó Fhostóirí

Is féidir le fostóirí lacáiste i bpáirt a fháil ón gCiste den mhéid a íocann siad i gcnapshuimeanna iomarcaíochta reachtúla.

Má theipeann ar fhostóirí na híocaíochtaí cnapshuime iomarcaíochta reachtúla a dhéanamh, d'fhéadfaí an teidlíocht reachtúil iomlán a íoc le fostaithe as an gCiste. Chomh maith leis sin, i gcásanna ina n-éiríonn na fostóirí dócmhainneach, is féidir le teidlíochtaí reachtúla áirithe eile atá dlite (riaráiste de thuarastal, pá saoire srl.) a bheith íoctha as an gCiste. Tá na suimeanna a íoctar i gcásanna mar seo in-aisghabhála ó fhostóirí. Déantar na haisghabhálacha a fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí na scéime.

Bhí an staid charnach maidir le suimeanna in-aisghabhála ó fhostóirí, mar seo a leanas:

			2007	2006
	€000	€000	€000	€000
	Iomarcaíocht	Dócmhainneacht	Iomlán	Iomlán
Iarmhéid ar 1 Eanáir	31,123	46,886	78,009	68,073
Íocaíochtaí de thairbhe loiceadh an fhostóra	7,216	5,710	12,926	10,924
Lúide: Suimeanna aisghafa	658	924	1,582	988
Iarmhéid ar 31 Nollaig			**89,353**	78,009

Tugann an taithí aisghabhála le blianta beaga anuas le tuiscint nach féidir cuid shuntasach de na dliteanais charnacha ag fostóirí mainneachtana a aisghabháil.

10. Speansais Riaracháin

	2007	2006
	€000	€000
Costais foirne		
- Tuarastail	93,694	91,116
- Aoisliúntas	21,000	16,800
- Taisteal	2,011	1,795
Costais na Gníomhaireachta		
- Bailiú ranníocaíochtaí	35,330	33,475
- Íocaíochtaí le An Post	24,662	19,141
- Íocaíochtaí leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí	1,550	1,451
Postas agus Teileachumarsáid	7,893	7,473
Lóistín/Trealamh/Soláthairtí	30,301	24,993
Táillí Iniúchóireachta	105	77
Costais eile	26,165	25,363
	242,711	221,684

Íoctar na costais riaracháin a mheastar a bheith ann de thairbhe an Chiste Árachais Shóisialaigh, íoctar as an gCiste iad.

11. Ró-íocaíochtaí

Cuimsítear suimeanna a measadh go raibh ró-íocaíocht déanta ina leith, sna muirir ar scéimeanna agus cuirtear aisghabháil a fhaightear chun sochair na scéimeanna. Bhí an staid charnach ó thaobh ró-íocaíochtaí an Chiste, mar seo a leanas:

		2007		2006
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí gan íoc ar 1 Eanáir		30,504		26,517
Aistriú na méideanna a bhí díscríofa roimhe seo [1]		17,837		-
Ró-íocaíochtaí taifeadta sa bhliain		17,488		11,188
		65,829		37,705
Lúide:				
Suimeanna aisghafa sa bhliain	7,047		6,249	
Suimeanna díscríofa sa bhliain	1,595	8,642	952	7,201
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig		**57,187**		30,504

[1] D'eascair an méid de €17,837,000 mar gheall ar an aistriú fiach go dtí an córas nua ríomhaireachta d'Ró-íocaíochtaí agus do Bhainistiú Fiach, go príomha. Bhí an méid seo díscríofa roimhe seo, ar chúiseanna cuntasaíochta amháin.

12. Íocaíochtaí Ex-Gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €97,670 le linn 2007 (2006 - €149,763)

13. Iarmhéideanna dlite do Chomhlachtaí Eile

Seasann iarmhéideanna atá dlite do chomhlachtaí eile, le haghaidh easnamh na méideanna íoctha le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte, agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Bhí staid na n-iarmhéideanna mar seo a leanas:

	Ranníocaíocht Sláinte		Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna		Iomlán	Iomlán
		2007		**2007**	**2007**	2006
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir		8,304		3,016	11,320	10,518
Cionroinnte le linn na bliana	1,107,461		405,427		1,387,802	
Íoctha sa bhliain	1,113,000	(5,539)	408,000	(2,573)	(8,112)	1,387,000 802
Iarmhéid ar 31 Nollaig		**2,765**		**443**	**3,208**	11,320

14. Áitribh

Tá úinéireacht Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1 (ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh), faoi chúram an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, thar ceann an Chiste.
Cuimsíonn an t-áitreabh seo Busáras.
Faigheann an Ciste cíos bliantúil seasta ó C.I.E. maidir le Busáras.

15. Iarmhéideanna na nGníomhairí

Cuimsíonn iarmhéideanna na nGníomhairí an t-easnamh nó an chuid den airgead a bhí curtha ar aghaidh ón gCiste chuig an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Post agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta nár caitheadh, ionas go mbeidís in ann íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Chiste.

16. Ranníocaíochtaí Infhaighte

Baineann ranníocaíochtaí infhaighte leis na méideanna de ranníocaíochtaí ÁSPC a bhí bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go príomha, ach nár aistríodh go dtí an Ciste i 2007.

Bernadette Lacey
Ard-Rúnaí
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
19 Nollaig 2008